# Capitation Grant Payments to Recognised Primary Schools in the Free Education Scheme - 2026/27

## 1. Introduction

The Department of Education and Youth issued Information note SDF 02/2026 in June 2026 which outlined the revised payment arrangements for the Capitation Grant to primary schools in June 2026 and for the 2026/27 school year.

## 2. June 2026 Payment

The June 2026 payment was based on the 2025/26 school's enrolment to determine the total annual grant entitlement **less** payments already made in December 2025 and January 2026.

Circular 0040/2025 outlines the Capitation Grant rates for the 2025/26 school year.

## 3. Arrangements for 2026/27

As part of Budget 2026 the following changes will be made to the primary Capitation Grant, for the 2026/27 school year:

- Increase of €50 on the mainstream rate from €224 to €274.
- Special schools will receive the same rates of Capitation for young people aged 12 and over, as for their peers in mainstream post-primary schools.
- Special schools with fewer than 60 pupils will receive Capitation for a minimum of 60 pupils.
- An increase of €20 in Capitation rates for Urban Band One DEIS primary schools and DEIS Plus primary schools to €294.

In the 2026/27 school year, the grant will be paid in **three** instalments. Details of each instalment are outlined below:

**Instalment 1**: The first instalment of Capitation Grant funding for 2026/27 will be paid to schools in September 2026:

- The amount to be paid in this instalment is equal to 4 months of the €50 increase in the rate, which is the difference between the old rate (€224) and the new rate (€274). This works out at €16.67 per pupil enrolled for the 2025/26 school year.

- For DEIS Urban Band one and DEIS Plus primary schools, this instalment also includes four months of the €20 increase. This amounts to €6.67 per pupil enrolled for 2025/26 school year.
- For special schools, this instalment also includes four months of the rate for students over 12 years of age, at the same rate as their peers in mainstream post-primary schools, which is €44 based on students enrolled for 2025/2026 school year.

**Instalment 2**: The second instalment will be paid in January 2027 based on students enrolled for 2025/26.

**Instalment 3**: The third instalment will be a balancing payment for the full 2026/27 school year and will be paid in June 2027. This balancing payment will be amended to account for the discontinued practice of including a payment for the following school year.

An updated circular outlining the Capitation Grant rates and payment arrangements for the 2026/27 school year will be issued during term 1.

## 4. Purpose of Capitation Grant

Capitation funding is intended to contribute to the day-to-day running costs of schools and consequently should be used to meet the cost of items such as heating, lighting, cleaning, insurance and general upkeep in schools.

## 5. References

This financial guideline is based on **Department of Education and Youth** **Information note SDF 02/2026**.

## 6. Queries and Further Information

Queries in relation to the circular should be addressed to Schools Division Financial section at sdfinfo@education.gov.ie.

Financial Support Services Unit
Tel: 01-910 4020
primary@fssu.ie

22nd September 2026

# Íocaíochtaí Deontais Caipitíochta do Bhunscoileanna Aitheanta sa Scéim Oideachais Saor in Aisce - 2026/27

1. **Réamhrá**
   D'eisigh an Roinn Oideachais agus Óige nóta Faisnéise SDF 02/2026 i mí an Mheithimh 2026 inar leagadh amach na socruithe íocaíochta athbhreithnithe don Deontas Caipitíochta do bhunscoileanna i mí an Mheithimh 2026 agus don scoilbhliain 2026/27.

2. **Íocaíocht - Meitheamh 2026**
   Bhí íocaíocht mhí an Mheithimh 2026 bunaithe ar líon na ndaltaí ar rolla na scoile in 2025/26 leis an teidlíocht iomlán bhliantúil deontais **lúide** íocaíochtaí a rinneadh cheana féin i mí na Nollag 2025 agus in Eanáir 2026 a chinneadh.
   Leagtar amach i gCiorclán 0040/2025 na rátaí Deontais Caipitíochta don scoilbhliain 2025/26.

3. **Socruithe do 2026/27**
   Mar chuid de Bhuiséad 2026, déanfar na hathruithe seo a leanas ar an Deontas Caipitíochta do bhunscoileanna don scoilbhliain 2026/27:

- Méadú €50 ar an ráta príomhshrutha ó €224 go €274.
- Gheobhaidh scoileanna speisialta na rátaí céanna Caipitíochta do dhaoine óga atá 12 bhliain d'aois agus os a chionn, agus a íoctar i leith a bpiaraí i scoileanna iar-bhunscoile príomhshrutha.
- Gheobhaidh scoileanna speisialta a bhfuil níos lú ná 60 dalta iontu Caipitíocht i gcás 60 dalta ar a laghad.
- Méadú €20 ar rátaí Caipitíochta do bhunscoileanna atá i mBanda Uirbeach a hAon de DEIS agus do bhunscoileanna DEIS Plus go €294.

Sa scoilbhliain 2026/27, íocfar an deontas i **dtrí** thráthchuid. Tá sonraí gach tráthchuid leagtha amach thíos:

**Tráthchuid 1**: Íocfar an chéad tráthchuid de mhaoiniú an Deontais Caipitíochta do 2026/27 le scoileanna i Meán Fómhair 2026:

- Is ionann an méid atá le híoc sa tráthchuid sin agus 4 mhí den mhéadú €50 ar an ráta, arb ionann é agus an difríocht idir an seanráta (€224) agus an ráta nua (€274). Is ionann sin agus €16.67 in aghaidh gach dalta atá cláraithe don scoilbhliain 2025/26.
- I gcás bunscoileanna DEIS, Banda Uirbeach a hAon, agus DEIS Plus, áirítear ceithre mhí den mhéadú €20 sa tráthchuid seo freisin. Is ionann seo agus €6.67 in aghaidh gach dalta atá cláraithe don scoilbhliain 2025/26.
- I gcás scoileanna speisialta, áirítear sa tráthchuid seo freisin ceithre mhí den ráta do dhaltaí os cionn 12 bhliain d'aois, ag an ráta céanna lena bpiaraí i scoileanna iar-bhunscoile príomhshrutha, arb ionann é agus €44 bunaithe ar dhaltaí atá cláraithe don scoilbhliain 2025/2026.

**Tráthchuid 2**: Íocfar an dara tráthchuid i mí Eanáir 2027 bunaithe ar líon na ndaltaí atá cláraithe do 2025/26.

**Tráthchuid 3**: Beidh an tríú tráthchuid ina híocaíocht chothromaíochta don scoilbhliain iomlán 2026/27 agus íocfar í i mí an Mheithimh 2027. Leasófar an íocaíocht chothromaíochta seo le cuntas a thabhairt sa chleachtas atá scortha maidir le híocaíocht a chur san áireamh don scoilbhliain dár gcionn.

Eiseofar ciorclán nuashonraithe ina leagtar amach rátaí agus socruithe íocaíochta an Deontais Caipitíochta don scoilbhliain 2026/27 i gcaitheamh théarma 1.

## 4. Cuspóir an Deontais Caipitíochta

Is é is aidhm leis an maoiniú caipitíochta ná rannchuidiú le costais reatha na scoile ó lá go lá agus, dá bhrí sin, ba cheart é a úsáid le costais a sheasamh, amhail téamh, soilsiú, glanadh, árachas agus cothabháil ghinearálta na scoile.

## 5. Tagairtí

Tá an treoirlíne airgeadais seo bunaithe ar **nóta faisnéise na Roinne Oideachais agus Óige SDF 02/2026**.

## 6. Fiosrúcháin agus Tuilleadh Eolais

Ba chóir ceisteanna maidir leis an gciorclán a sheoladh chuig Rannóg Airgeadais an Rannáin Scoileanna ag sdfinfo@education.gov.ie.

An tAonad um Sheirbhísí Tacaíochta Airgeadais
Guthán: 01-910 4020
primary@fssu.ie

22 Meán Fómhair 2026